



Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projects








TODHCHAÍ NÍOS FEARR

An Gníomh a chur i gCrích

FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2006

Foras um Chláir Speisialta an AE
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don Tréimhse dar críoch
31 Nollaig 2006
Don Aire Airgeadais
De réir airteagail 49(1) an Achta um Chomhaontú na Breataine - na
hÉireann 1999

Clár an ábhair

	Réamhrá	7
	Cúlra	9 - 11
	An Foras um Chláir Speisialta an AE	13
	An Clár SÍOCHÁIN II	15 - 19
	An Clár INTERREG IIIA	21 - 23
	Oibriú Trasteorann	25 - 27
	Tionscnaimh Chomhphobail Eile	29
	Cuntais Bhliantúla	31 - 63
	Aguisín 1.1	58 - 59
	Aguisín 1.2	60
	Aguisín 1.3	61
	Aguisín 2	62
	Aguisín 3	63
	Na Mionsonraí	65 - 69



Réamhrá

Baineadh céim thábhachtach amach i samhradh na bliana 2006 nuair a shroich infheistiú an Aontais Eorpaigh i bhfeabhsú na gcúinsí sóisialta agus eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann £1 billiún. Níl amhras ar bith ná gur mór an cúnamh a thug an tAE dúinn tríd na cláir Síocháin agus Interreg, chun gur féidir linn bheith ag súil le saol níos fearr san am le teacht.

I gcaitheamh na bliana d'fhoilsiomar achoimre ar thionchar an Chláir um Shíocháin agus Athmhuintearas de chuid an AE (Síocháin II). Léirigh sé seo go bhfuil rudaí éachtacha bainte amach ag pobail Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann, a bhúiochas le maoiniú ón AE. Tá roinnt de thorthaí na hachóimre ar fáil níos sia anonn sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Go dtí seo cuireadh níos mó ná 13,000 iarratas isteach chuig an gClár Síocháin II agus glacadh le beagáinín níos mó ná a leath sin i gcomhair maoinithe.

Bhuail an Foras um Chláir Speisialta an AE le breis is 200 duine thar thréimhse trí mhí i 2006 chun deimhniú cad iad na tuairimí atá ann maidir le tosaíochtaí ba cheart a bheith ag na cláir a thiocfaidh i ndiaidh na gClár Síocháin II agus Interreg IIIA. Is i sé áit i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann a cuireadh na cruinnithe ar siúl. Ba chuid iad de chéad chéim, nó, den gcéim phléite, an chomhairliúcháin a deineadh ar iarraidh an dá Bhallstát.

Fuarthas ní ba mhó ná 100 aighneacht i scríbhinn leis, ónár gcuid páirtithe leasmhara inar léiríodar a dtuairimí ar na slite ba cheart cistí a bheidh ag teacht chugainn a leithdháileadh. Beidh na nithe a dúradh ag na cruinnithe poiblí agus na haighneachtaí i scríbhinn ina gcúnamh nuair a cheapfar na Cláir Oibriúcháin do Shíocháin III agus don gClár nua um Chomhoibriú idir Chríocha do chontaetha na Teorann in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus do chuid d'iarthar na hAlban, áit a chuirtear san áireamh den chéad uair.




Ní fhéadfadh an Foras um Chláir Speisialta an AE cláir atá chomh mór le Síocháin agus Interreg a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm gan tiomantas, tacaíocht agus gan rannpháirtíocht daoine eile. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhúiochas a ghabháil lenár bpáirtnéirí agus le líon mór na n-eagraíochtaí atá ag obair i gcomhar linn, agus a thug cúnamh dúinn ar shlí gur éirigh go geal linn arís sa bhliain 2006.

Is mian liom aitheantas a thabhairt leis, do mo chomhghleacaithe sa bhForas um Chláir Speisialta an AE as an obair chruaidh a dheineadar ar fud na bliana.

Thar gach aon ní eile ba mhaith liom búiochas a ghabháil leis na mílte tionscnamh agus leo siúd atá rannpháirteach iontu, as a bheith ag obair go cruaidh dúthrachtach ar chuma go bhfuil dea-thoradh an dá Chláir le tabhairt faoi ndeara sna pobail ar fud Tuaisceart Éireann agus Réigiún Teorann na hÉireann.

Pat Colgan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Foras um Chláir Speisialta an AE



Cúlra

Is iad príomhfheidhmeanna an Fhorais um Chláir Speisialta an AE ná Cistí Struchtúrtha áirithe de chuid an AE a bhainistiú. Orthu siúd a áirítear Clár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas (SÍOCHÁIN II), agus INTERREG IIIA. Deineann an Foras bainistíocht ar thionscnaimh chomhphobail eile leis, agus tugann tacaíocht do roinnt chlár forbartha agus athghiniúna i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

Comhlacht fhorfheidhmithe Thuaidh-Theas is ea an FCSAE atá á mhaoiniú ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Airgeadais in Éirinn. Bunaíodh an Foras ar an 2ú Nollaig 1999 faoin gComhaontú idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Tuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann. Tuairiscíonn an Foras do Chomhairle na nAirí Thuaidh/Theas.

An Clár SÍOCHÁIN II

Is é is cuspóir don gClár Síocháin II ná cúnamh a thabhairt do Thuaisceart Éireann a bheith ina áit le pobal níos socraithe níos saibhre, agus athmhuintearas a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann agus i Réigiún na Teorann. Faoin am gur dhún an Clár i ndeireadh na bliana 2004 bhí €834 milliún (£560 milliún) curtha ar fáil aige i gcomhair tionscnamh. Cuireadh €160 milliún (£107 milliún) eile ar fáil anuas air sin trí shineadh an Chláir SÍOCHÁIN II go deireadh mí na Nollag 2006.

Bhí cúig cinn de phríomhthéamaí ag an gClár; Athnuachaint Gheilleagrach; Cuimsiú Sóisialta; Iniamh agus Athmhuintearas; Straitéisí áitiúla Athghiniúna agus Forbartha; Comhoibriú idir Réigiúin agus Comhoibriú Trasteorann ina bhfuiltear ag féachaint amach agus ar aghaidh.

Cuireadh síneadh an Chláir SHÍOCHÁIN II i ngníomh i 2005 le ceithre cinn de phríomhthéamaí: Athnuachaint Gheilleagrach; Cuimsiú Sóisialta; Iniamh agus Athmhuintearas; Straitéisí áitiúla Athghiniúna agus Forbartha agus Comhoibriú idir Réigiúin agus Comhoibriú Trasteorann.

An Bord um Chomhpháirtíocht Réigiúnach i dTuaisceart Éireann

Chomh maith leis sin, tá an Foras um Chláir Speisialta an AE freagrach as rúnaíocht don mBord um Chomhpháirtíocht Réigiúnach i dTuaisceart Éireann. Bunaíodh é seo chun a áirithiú go leanfar d'oibirí i gcomhpháirtíochtaí nuair a bheidh deireadh leis an gClár SÍOCHÁIN II. Tá de dhualgas ar an mBord oibriú comhpháirtíochta a chur chun cinn ag an leibhéal áitiúil, sárchleachtas a roinnt agus cúnamh a thabhairt do cheantair agus d'eagraíochtaí éagsúla oibriú le chéile.

An Clár INTERREG IIIA

Tionscnamh atá ann ar fud an AE is ea an Clár INTERREG IIIA. Tá d'aidhm aige tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú trasteorann, do chomhghreamú sóisialta agus d'fhorbairt gheilleagrach idir réigiúin an AE. Cumhdaíonn an Clár INTERREG IIIA d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann Tuaisceart na hÉireann ar fad chomh maith le sé contaetha na Teorann in Éirinn.

Is é is cuspóir don gClár seo dar luach €182 milliún (£122 milliún) ná tabhairt faoi na míbhuntáistí geilleagracha agus sóisialta a d'fhéadfadh teacht de thoradh ar theorainn a bheith ann. Cuireann sé líonraí trasteorann chun cinn ina mbíonn pobail áitiúla rannpháirteach agus a théann chun sochair dóibh. Tá roinnt bhearta ag an gClár go bhféadfáir iarratais a dhéanamh fúthu. Tugtar tús áite do thionscnaimh, áfach, as a leanann poist, as a dtagann feabhas ar chumas iomaíochta geilleagrach ceantair, a spreagann cruthú pleananna forbartha agus cur chun cinn comhdheiseanna d'fhir agus mná.

Tá an Foras um Chláir Speisialta an AE i bhfeighil ar Thionscnaimh Chomhphobail eile leis, ar an n-áirítear LEADER +, UIRBEACH II agus EQUAL. Cuireann sé le forbairt Clár den sórt seo trí ghníomhaíocht chomhpháirtíochta le ranna rialtais ó Thuaidh agus ó Dheas.

An Chomhchaibidil

Tá de dhualgas ar an bhForas um Chláir Speisialta an AE monatóireacht agus cur chun cinn a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Comhchaibidle. Tá caibidil de théacs comhaontaithe i bPlean Forbartha Náisiúnta d'Éirinn (2000-2006) agus i bPlean na gCistí Struchtúrtha do Thuaisceart Éireann (2000-2006) atá ar fáil san dá phlean araon.

Sa chaibidil seo leagtar amach creat struchtúrtha a fhéadfar a chothú, maidir le comhoibriú Thuaidh/Theas agus maidir le comhoibriú níos forleithne ar fud réimse leathan d'earnálacha agus de ghníomhaíochtaí. Leanann é seo as obair níos luaithe a leagadh amach i bpleananna na mblianta 1994/1999. Ionu sin aithnítear na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint amach ar fud Oileán na hÉireann trí chomhoibriú níos dlúithe i gcúrsaí geilleagair.

Tá an limistéar cáilithe céanna á roinnt ag na Cláir SÍOCHÁIN II agus INTERREG IIIA araon, is é sin le rá, Tuaisceart na hÉireann agus sé contaetha Teorainn na hÉireann.







An Foras Um Chláir Speisialta An Ae (FCSAE)

Ráiteas Misin:

// Cláir Chistiúcháin a bhainistiú agus a chur i ngníomh ar shlí éifeachtach thar ceann an dá rialtas agus thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus iad a bheith dírithe ar fheabhas a chur ar shaol sóisialta agus eacnamaíoch an phobail i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn trí chomhoibriú trasteorann agus trí chomhoibriú trasnáisiúnta. //

LUACHANNA AN FCSAE

Mar eagraíocht geallann an FCSAE go seolfaimid ár ngnó ar bhonn na luachanna seo a leanas. Deineann gach duine foirne iarracht déanamh de réir na luachanna seo.

- Comhoibriú agus gníomhú idir dhaoine agus idir eagraíochtaí a **threorú** in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann;
- Cur chuige cuimsitheach a **sheachadadh** i leith ár gcuid freagrachtaí reachtúla trí bheith ag cur i ngníomh na gClár SÍOCHÁIN II agus INTERREG IIIA ar bhonn leantach, agus iad a thabhairt i gcrích ar chuma éifeachtach rathúil agus, ina theannta sin, a beith i bhfeighil ar ghnéithe Thuaidh/Theas na gClár LEADER+, UIRBEACH II, EQUAL agus Clár eile de chuid an AE.
- Creat dinimiciúil torthúil a **chruthú** ina bhféadfar comhoibriú laistigh de Chláir an AE san am le teacht, is é sin, i SÍOCHÁIN III agus in INTERREG IV.
- Pointe teagmhála a **chur ar fáil** laistigh de Thuaisceart Éireann agus idir Tuaisceart Éireann agus Éire (agus go háirithe do Réigiún Teorainn na hÉireann), chomh maith le cósta iarthar na hAlban, chun gníomhaíochtaí trasteorann a spreagadh agus a fhorbairt as a dtiocfaidh comhoibriú níos dlúithe sóch-eacnamaíoch; agus

- Timpeallacht a **forbairt** ina bhfuil meas ar rannpháirtíocht, ar chomhpháirtíocht, ar oibriú uileghabhálach, ar mhuinín agus ar thrédhearcacht.

RÁITEAS FÍSE AN FCSAE

// Oibreoidh an FCSAE mar ghníomhaire iontaofa an dá rialtais agus Coimisiúin an AE chun Cláir a bhainistiú agus a sheachadadh a chuireann le leas eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin. Beidh oscailteacht, trédhearcacht agus inrochtaineacht mar phríomhluachanna ag obair an Fhorais. //



An Clár SÍOCHÁIN II

Le linn na bliana 2006 ar fad lean an Clár Síocháin II de bheith ag tógáil ar an dul chun cinn a deineadh sna blianta roimhe sin. Is tar éis do shíneadh an Chláir a bheith curtha i ngníomh i treo deireadh na bliana 2005 agus i gcaitheamh na bliana 2006, a tháinig méadú nach beag ar líon na n-iarratas chuig an gClár.


Ar an iomlán fuarthas 13,368 iarratas faoi dheireadh mí na Nollag 2006. Léiríonn sé seo méadú de 1,453 i gcomparáid le mí na Nollag 2005.

D'éirigh le breis is leathchuid de na hiarratais a cuireadh isteach chuig an gclár, is é sin, 51% (is ionann sin agus 6,779) go deireadh na bliana 2006.


Is é céatadán na n-iarratas atá á bpróiseáil faoi mhí na Nollag 2006 ná 4%. Tá sé seo tar éis titim ó 16%, méid a bhí ann sa tréimhse chéanna i 2005. Fianaise é seo ar an méid mór oibre a deineadh i gcaitheamh 2006 chun a áirithiú go mbeidh acmhainní an Chláir ceangailte ina n-iomláine.

I gcaitheamh 2006 d'fhás céatadán na n-iarratas nár ceadaíodh ó 31% go 37%. Is de thoradh ar an t-éileamh mór ar mhaoiniú sínigh tá sé seo amhlaidh, chomh maith le líon mór tionscnamh nár bhain na sainchritéir mhaoinithe amach.

Líon na n-iarratas chuig an gClár SÍOCHÁIN II (mí Eanáir 04 go dtí mí na Samhna 06).



Stádas na n-iarratas chuig an gClár SÍOCHÁIN II (Amhail 31 Nollaig)



- Arna gceadú agus ar na nglacadh
- Arna gceadú
- Á bpróiseáil
- Arna ndiúltú
- Eile

Tugadh aitheantas do theanga uilechoiteann an spóirt mar uirlis chun cairdeas a chruthú agus chun bacainní a bhaint, sna Duaiseanna um Éachtaí Trasteorann de chuid Daily Ireland i mí na Márta 2006.



Iarbhainisteoir Thuaisceart Éireann Lawrie Sanchez agus peileadóir idirnáisiúnta David Healy ar chuid ag Tógra Dunfield atá ag obair chun caidreamh trasphobail a chothú i measc daoine óga.

Fiche bliain tar éis na coimhlinte géire idir Linfield agus Dún Dealgáin i gCorn na hEorpa sa bhliain 1979 chuaigh an dá chlub i mbun oibre ar chúl stáitse chun caidreamh trasteorann a chur chun cinn idir dhaoine óga ó chúlraí difriúla. Is de thoradh ar an tionscnamh seo agus le cabhair airgid €327,973 ón gClár Síocháin a cuireadh tús leis an tógra 'Dunfield'.

Tá David Chisholm as Linfield ina gcomhordaitheoir ar "Dunfield". Tá sé i gceannas ar an gClár mar aon le riarthóir lán-aimseartha agus le Edwin De Roeveer, a chomh-mhaoirseoir ó Dhún Dealgáin. Deir David faoi fhealsúnacht na scéime: "Cé go bhfuilimid ag freastal ar réimse leathan aoise is é an aoisghrúpa idir 12 agus 14 bliana is mó go bhfuilimid ag díriú air. Mar shampla, dá dtéimis i gceantair Bhéal Feirste ina bhfuil seanfhadhbanna sóisialta agus dá dtabharfaimis amach dream d'aosánaigh 15 bliana nó mar sin, atá faoi thionchar an phobail timpeall orthu cheana féin, ní éiríodh lena leithéid in aonchor.

// Agus cé nár chuir na Trioblóidí isteach ar Dhún Dealgáin chomh mór leis sin, is iomaí míbhuntáiste atá ann. Tuigimid nach féidir linn meon cruaithe atá ann le 300 bliain anuas a athrú le linn campa traenála 6 lá, ach mar sin féin tá ár gcion beag féin á dhéanamh againn. //

Mhaoinigh an FCSAE na duaiseanna d'Éachtaí Trasteorann (*Cross-border Achievement Awards*) de chuid Daily Ireland. Sainithníodh caoga duine agus tógraí gur éirigh leo gníomhaíochtaí trasteorann a chur i gcrích. Ní tógraí a bhain leis na cláracha SÍOCHÁIN nó INTERREG gach aon cheann díobh ach de bharr iad sin a bhain leo a bheith san áireamh tá aitheantas tugtha ag tríú páirtí don gcion atá déanta acu i leith na hoibre trasteorann.

I mí Eanáir 2006 thug baill de Chomhlacht idir-Pharlaiminte na Breataine – na hÉireann cuairt ar Bhéal Feirste mar chuid dá bhfiosrúchán ar dhíothacht eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann. Le linn na cuairte bhí cruinniú acu leis an bhForas um Chlár Speisialta an AE, le Cumann Feabhsúcháin Ligoniel, le Comhpháirtíocht Oirthear Bhéal Feirste agus leis an dtógra Oasis, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an dea-thionchar atá ag maoiniú ón gClár Síocháin ar an bhforbairt shóch-eacnamaíoch.



(deis go clé): Pat Colgan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FCSAE, John Griffiths, Ball de Chomhthionól na Breataine Bige, Rosemary McKenna MP, Michael German, Ball de Chomhthionól na Breataine Bige, an Banbharún Harris of Richmond agus Damien English TD.

Coinníodh an Clár sna meáin ar fud na bliana. Léirigh anailís go raibh 3 deis in aghaidh na míosa, nach mór, i 2006, ag pobal iomlán na ndaoine fásta i dTuaisceart Éireann, i mBaile Átha Cliath agus i gContaetha na Teorann tuairisc a léamh faoi thógra atá ag fáil maoinithe ó SÍOCHÁIN.

D'fhreastail ní ba mhó ná 80 ionadaí ó eagraíochtaí ag a bhfuil baint leis an gClár ar chomhdháil lae i mí Eanáir. Bhí an Comhairle um Chaidreamh Pobail agus an FCSAE ina n-óstaigh ar an ócáid agus ba í an cúigiú ócáid as seacht gcinn í a bhí chun aird a dhíriú ar an tionchar atá ag infheistiú an AE trí SÍOCHÁIN II, agus chun é a phlé.

Thug an Clár SÍOCHÁIN II a theachtaireacht chuig lucht éisteachta níos leithne arís nuair a deineadh cur-síos air ag an taispeántas dhá lá “Deiseanna na hEorpa” na bliana 2006, a chuir Coimisiún na hEorpa agus Comhairle Cathair Bhéal Feirste ar siúl.

I mí na Samhna bhí an Clár ina óstach ar an tríú taispeántas bliantúil de thógraí an Chláir Síocháin ag Fóram na Mílaoise i nDoire. Cuireadh dhá thógra déag os comhair an phobail agus díriodh aird orthu le linn na hócáide de bharr a gcuid oibre ar son na síochána agus an athmhuintearais. Ba é seo an chéad uair a reáchtáladh an ócáid lasmuigh de Bhéal Feirste.

Sheol Pat Colgan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FCSAE, tuairisc dar teideal “The EU Programme for Peace and Reconciliation - The Impact” ag an ócáid. Sa tuairisc seo deintear tionchar na n-infheistithe a thagann ón AE a chainníochtú agus léiríonn sí go soiléir go bhfuil cumasú agus athrú mar thoradh ar na tógraí a mhaoinítear.

Bhíodar seo a leanas ar bhuaicphointí an tionchair a bhí ag an gClár:

- Tugadh maoiniú do 5,400 mionghnó nach mór, agus cruthaíodh beagnach 1,950 post dá thoradh;
- Bhí 25,000 duine rannpháirteach i dtionscnaimh thuaithe agus fuair 9,500 díobh cáilíochtaí;
- Bhí 46,000 duine rannpháirteach i dtionscnaimh a bhí dírithe ar éascaíocht a dhéanamh don athmhuintearas agus don t-síocháin, d'athghiniúint uirbeach agus do thraenáil do pháistí agus do dhaoine óga gur imigh an choinbheacht droch-thionchar as cuimse orthu. Fuair 9,600 éigin as an 46,000 cáilíochtaí agus chuaigh 5,000 i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna nó thugadar céim ar aghaidh iontu.
- Bhí breis is 89,000 duine rannpháirteach i ngníomhaíochtaí trasteorann.
- Maoiníodh dhá stáisiún bus nua faoin tuath, 20 bus breise, áiseanna níos fearr ag ceithre stáisiún traenach agus dhá sheachbhóthar nua.
- Thug tascfhórsaí faoi stiúir na gComhpháirtíochtaí um Straitéis Áitiúil agus na gComhairlí Contae tacaíocht do bhreis is 1,350 tógra
- Tugadh tacaíocht trí mhaoiniú do 115 nasc agus gréasáin trasteorann nua agus do chinn atá ann cheana. Orthu siúd tá 112 nasc nó cnuaasigh d'fhiontair bheaga agus mheánacha.

Seoladh iris nua an FCSAE, Your EU! in earrach na bliana 2006 agus foilsíodh trí uaire í ina dhiaidh sin i gcaitheamh na bliana. San iris tugtar cuntas ar na buntáistí atá faighte ag daoine aonair agus ag pobail araon de thoradh ar thógraí SÍOCHÁIN agus INTERREG. Scaipeadh an iris go forleathan ar ghrúpaí leasmhara agus ar áiteanna poiblí, leabharlanna san áireamh.

- Bhí tuairiscí ar obair an FCSAE agus ar na Cláir SÍOCHÁIN agus INTERREG i gcolún rialta san iris Business Eye ar fud na bliana ar fad. 'Eye on Europe' is teideal don gcolún agus díreair aire an léitheora ar a bhfuil bainte amach ag tógraí a fuair maoiniú laistigh den bpobal gnó.
- Bhí dhá chruinniú ag Coiste Monatóireachta an Chláir i 2006; i mí Aibreán i mBaile na Lorgan agus i mí Dheireadh Fómhair i nDoire.

I mí na Nollag 2006 thug Josep Borrell FPE, Uachtarán Parlaimint na hEorpa, cuairt ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgáin agus ghlac sé páirt i gcomhrá comhstádais faoin Aontas Eorpach agus Síocháin. I gcaitheamh an chruinnithe cuireadh ar an eolas é faoin dea-thionchar atá ag an bhFCSAE tríd an gClár SÍOCHÁIN II go dtí seo.



Josep Borrell FPE, Uachtarán Parlaimint na hEorpa, le Pat Colgan, Príomhoifigeach Feidhmíocháin an FCSAE.



An chéad eagrán de Your EU ag teacht go húr as an gclóphreas.

I mí Feabhra cuireadh tús le clár traenála trasteorann nuálaíoch in Ard Mhacha chun cabhrú le póilíní tuiscint níos fearr a fháil ar na pobail dá bhfuilid ag fónamh. Is iad Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána a chuir an clár ar siúl.

Sa tógra ‘Diversity Works’ atá á mhaoiniú ag SÍOCHÁIN II, tá iarracht á dhéanamh ar dhúshlán a chur faoin tuairim agus faoin tuiscint atá ag póilíní ar cheisteanna i dtaobh cur chun cinn na héagsúlachta. Tugadh breis is 50 seisiún traenála lae sa chlár sin a cuireadh ar siúl i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon i 2006. Ba iad teagascóirí ó Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann/ón nGarda Síochána a chuir an traenáil ar fáil agus bhí cúnaimh á fháil acu ó éascaitheoirí sainoilte i gcúrsaí éagsúlachta a roghnaíodh ón bpobal.

Agus é ag caint ag seoladh an tógra chuir Príomhchonstábla na Seirbhíse Póilíneachta Thuaisceart Éireann, an Tiarna Hugh Orde, fáilte roimh chur i ngníomh an chlár traenála.

“Céim dhearfach eile is ea an tógra seo chun cur leis an gcomhoibriú atá ann cheana idir Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann agus An Garda Síochána. Tá d’aidhm ag an tógra a chur ar

chumas na n-oifigeach seirbhís níos éifeachtaí a thabhairt do gach pobal. Tá éagsúlacht an tsócháil ag fás i dTuaisceart Éireann agus sa Phoblacht araon agus caithfidhne mar phóilíní a foghlaim na cultúir éagsúla a thuiscint atá sna pobail déanta dá dtugaimid seirbhís.”

Dúirt Coimisinéir an Gharda Síochána, Noel Conroy, gur céim thábhachtach é an clár traenála san obair atá á dhéanamh ag an dá eagraíocht i gcomhar lena chéile chun éagsúlacht a chur chun cinn.

“Leis an gclár seo forbrófar scileanna na bpóilíní a chuirfidh ar a gcumas déileáil leis na héagsúlachtaí, an ról atá ag smaoineamh i ngrúpa a thuiscint agus saintréithe na póilíneachta i Éirinn, mar atá sí ó thuaidh agus ó dheas, a aithint. Tá d’acmhainn ag an éagsúlacht atá ag teacht chun cinn san oileán seo ár bpobail go léir a dhéanamh níos saibhre agus an dá dlínse araon a léiriú mar sholaoid an tsárchleachtais maidir le cuimsiú a chur chun cinn.”



An Clár traenála nuálaíoch “Diversity Works” á sheoladh (ó chlé go deas): Príomhchonstábla na Seirbhíse Póilíneachta Thuaisceart Éireann, An Tiarna Hugh Orde; Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FCSAE, Pat Colgan agus Coimisinéir an Gharda Síochána, Noel Conroy.



An Clár INTERREG IIIA

Tionscnamh atá i bhfeidhm ar fud an AE is ea an Clár INTERREG IIIA. Tá leithdháileadh cistí de €182 milliún le caitheamh aige.

Sa bhliain 2006 d'fhéachadh ar 214 iarratais: ceadaíodh 49 díobh siúd, ceadaíodh 28 gcinn faoi réir Bhreithmheas Eacnamaíochta; cuireadh 14 cinn siar agus diúltaíodh 103 iarratais.

Bhí formhór mór na dtógraí a cuireadh faoi bhráid an Choiste Stiúrtha faoi Thosaíocht a hAon den gClár (Straitéisí Comhtháite d'Fhorbairt Áitiúil). Ba é iomlán na gCistí a gealladh do thógraí i 2006 ná €7,521,663; €17,561,826 faoi réir Bhreithmheas Eacnamaíochta. Faoi dheireadh 2006 bhí 292 iarratas arna gceadú agus bhí 393 cinn arna ndiúltú.

Ba é €107.5 milliúin leibhéal caiteachas iomlán an Cháir faoi dheireadh mí na Nollag 2006 agus caitheadh an chuid ba mhó de i gceathrú dheireanach na bliana. Bhí ceithre cruinnithe ag Coiste Stiúrtha INTERREG IIIA i gcaitheamh na bliana agus bhí dhá chruinniú ag Coiste Monatóireachta an Chláir; i mí Bhealtaine sa Chabhán agus i mí na Samhna i gCo.

Aontroma. Bhuaigh Comhpháirtíocht Turasóireachta na Teorann Thoir an Duais ardghradaim bhliantúil um Thógraí Turasóireachta do Cheantair ag an 28ú ócáid bhliantúil um Duaiseanna Turasóireachta i dTuaisceart Éireann.

Eagraíocht trasteorann ina bhfuil ocht nÚdarás Áitiúil is ea Comhpháirtíocht Turasóireachta na Teorann Thoir (Comhairle Baile na hArda, Comhairle Cathrach agus Ceantair Ard Mhacha, Comhairle Ceantair Dhroichead na Banna, Comhairle Baile Creag Abhann, Comhairle Ceantair an Dúin, Comhairle Contae Liatroma, Comhairle Contae Mhuineacháin, agus Comhairle Ceantair an Lúir agus Mhúrn).

Fuair an Chomhpháirtíocht maoiniú de €2.6 milliúin ó INTERREG IIIA chun clár gníomhaíochta trí bliana a chur i ngníomh a chuirfidh feabhas ar an táirge turasóireachta ar fud réigiún na teorann.

Tá ceann de na críochfoirt ola is mó atá sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn le fiche nó tríocha bliain anuas á oibriú i gCalafort Dhoire anois. Tá maoiniú de £1.7 milliún faighte aige ón gClár INTERREG IIIA.

Léiríonn an críochfort nua le hacmhainn stórála 76,000 tonna buaicphointe i bhforbairt tionsclaíochta. Meastar go gcuirfidh sé borradh faoin eacnamaíocht ar dhá thaobh na teorann san Iarthuaisceart. Os rud gur tógadh ar láithreán athfhorbraíochta é in aice an chalafoirt agus áiseanna cuain, tá sé, de bharr a shuimh san Iarthuaisceart, ag comhlíonadh riachtanas éagsúil loighisticiúil, chomh maith le riachtanas ó thaobh an chomhshaoil, beartais agus na heacnamaíochta de. Nil aon ghá a thuilleadh le cianaistir tancair bhóthair go bhfuil iomlán a n-acmhainneachta á húsáid cheana féin, ó chalafoirt Bhaile Átha Cliath nó Bhéal Feirste go dtí an Iarthuaisceart.



An críochfort ola ag Calafort Dhoire Cholmchille a bhíodas in ann a thógáil le maoiniú £1.7 milliún ó INTERREG III.

Thug an Clár INTERREG IIIA maoiniú do chlár traenála do thiománaithe trí Ghrúpa Trasteorann an Iar-thuaiscirt agus is é Easilift a reáchtáil an clár dóibh. D'éirigh go geal ar fad leis an gclár traenála seo sa tslí go bhfuil 60 tiománaí breise cáilithe anois chun minibus a thiomáint san Iar-thuaisceart, seachas 30, líon a bhí mar sprioc ag an tógra ar dtús.

Tá Easilift á oibriú ag Comhpháirtíocht Iompar Tuaithe an tSraith Bháin agus an Cheantair Máguaird. Cuireann an eagraíocht seirbhísí taistil áitiúla doras go doras agus seirbhísí taistil do ghrúpaí pobail ar fáil ar bhonn neamhbhrabúsach. Tá ceangal déanta aici le RANT (Rural Areas Networking Together/Limistéirí Tuaithe ag Líonrú le Chéile) atá ag oibriú i gCo. Dhún na nGall, chun tabhairt faoin easpa tiománaithe minibus oilte a bhí ann ar dhá thaobh na teorann.

De bhreis ar na gnéithe tiomana agus an scrúdú praiticiúil dhein rannpháirtithe an chlár staidéar ar na nithe seo ina gcuid ama féin: traenáil chúnaimh do phaisinéirí, gnásanna éalaithe ón minibus i gcás éigeandála, bunchúrsa garchabhrach, bunchúrsa i gcothabháil feithicle, beartais chosanta leanaí

agus teicníochtaí iarratais agus agallaimh phoist.

Dúirt Paddy McEldowney, comhordaitheoir Easilift,

// Ní fhéadfadh aon toradh níos fearr a bheith ar an scéal. Cabhraíonn sé le hEasilift sa mhéid go bhfuil tuilleadh tiománaithe cáilithe aici agus cabhraíonn sé leis an bpobal teacht a fháil ar iompar níos saoire trí bheith ag úsáid a dtiománaithe féin. De bhreis air seo d'éirigh le roinnt daoine a chuaigh faoi thraenáil poist tiomána le tuarastal a fháil. //

Duine den 60 tiománaí minibus nua san Iar-thuaisceart a fuair a gcáilíochtaí le déanaí is ea Dessie Hunter ón tSraith Bán. Sa phictiúr seo tá sé ag cabhrú le Mona Price, paisinéir.



Cuan rathúil is ea Cuan Dhoire san Iar-thuaisceart, a bhaineann úsáid as na córais teicneolaíochta is nua-aimseartha do shábháilteacht mhara, a bhúiochas le maoiniú de €200,000 ón gClár INTERREG tríd an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus tríd an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha.

Tá réimse de thionscnaimh infheistíochta tar éis dul chun tairbhe do Chuan Dhoire le blianta beaga anuas agus tá ag éirí go maith le straitéis um thurasóireacht mara de chuid an Trust Port chun Loch Feabhail agus réigiún an Iar-thuaiscirt a chur chun cinn mar cheann scríbe do chuartheoirí fóillíochta mara agus do línéirí idirnáisiúnta.

Tá líon na gcuairteoirí seoltóireachta á mealladh chuig na saoráidí nua pontúin i gcoillár na cathrach agus chuig na rásanna báid agus ócáidí saesúracha eile. Dá thoradh sin tá tuilleadh tráchta ar an loch féin.

Deimhníonn Bill Mac Anna, Máistir an Chuain, go bhfuil na córais sábháilteachta mara ard-teicneolaíochta atá á n-úsáid sa chuan atá níos gnóthaí ná riamh, ag teacht le leibhéal shlándála idirnáisiúnta.

“Tá nósanna imeachta slándála ar fud an domhain tar éis dul i ndéine ó tharla 9/11 ach tá gach aon ní againn anois tá ag teastáil ó chuan nua-aimseartha ó thaobh cúrsaí slándála de.”

Dúirt Bill gur chabhraigh an maoiniú ó INTERREG leo Córas nua i gcomhair Bainistiú Trácht Árthach a fháil.

// Córas faireachais radair atá ann a chuireann ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar na gluaiseachtaí ársaigh ar fad ar Loch Feabhail ó Ionad Oibriúchán an Chuain le cabhair scanóirí i nDoire agus sa Chaisleán Nua. //

Deir Bill gur.

Bill Mac Anna, Máistir Cuain ag Cuan Dhoire.





Oibriú Trasteorann

Tá feabhsú agus forbairt a chur ar fáil do chomhoibriú trasteorann i gcroílár an Chláir INTERREG IIIA agus is gné thábhachtach den gClár SÍOCHÁIN II é, chomh maith.



Ag dul i dtailthi ar áiseanna meán le teiceolaíocht ardchumasach ar an 'digital creativity truck'. Tógra comhoibríthe trasteorann é seo idir Bord Oideachais agus Leabharlaine an Oirthuaiscirt agus Ionad Oideachais Mhuineacháin. Fuair sé maoiniú ó INTERREG IIIA.

I mí na Márta 2006 deineadh ceiliúradh ar bhreis is 50 eagraíocht agus bronnadh sé cinn de dhuaisanna aitheantais speisialta ag Duaiseanna um Éachtaí Trasteorann de chuid Daily Ireland in Óstán Sliabh Ruiséil i gCo. an Chabháin.

Leis na duaiseanna sin a bhí urraithe ag an bhFCSAE, tugadh aitheantas d'eagraíochtaí agus do dhaoine a bhfuil obair luachmhar déanta acu ar mhaithe le caidrimh shóisialta agus eacnamaíoch trasteorann.

Thug Brendan Smith, TD ar son an Chabháin agus Aire Stáit, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an FCSAE Pat Colgan, agus Cathaoirleach ar Bombardier Aerospace, an Tiarna George Quigley, aitheasc d'aíonna na hócáide.

Bronnadh sé cinn de dhuaisanna speisialta ar na heagraíochtaí seo a leanas: Bunscoil an Lúir,

an Fóram um Ealaíona & Míchumas, an Tógra Trasteorann Riverbrooke, Cumann Ealaíon & Cultúir Baile Mhic Gearóid (Béal Feirste Thoir), Atlantic Drift (Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Baile Léim an Mhadaigh) agus Digital Media Works (comhpháirtíocht idir Institiúid an Iar-thuaiscirt do Bhreisoideachas agus Ardoideachas agus Institiúid Leitir Cheannainn).

Tá oibriú trasteorann ar siúl ar illiomad leibhéal. Tá ag éirí go geal le comhoibriú idir óspidéal i dtionscnamh gur cuireadh tús leis le déanaí. Is é is cuspóir dó ná seirbhísí do dhaoine i réigiún na teorann ar a bhfuil tinneas duáin a fheabhsú. Is le cabhair airgid ó INTERREG trí Co-operation and Working Together (CAWT) atáthar tar éis córas faisnéise comhtháite cliniúil do dhuáin a shuiteáil i sé láithreacha óspidéal. E-MED is ainm don chóras.

Is iad na hóspidéal atá rannpháirteach sa bhfiontar ná: Óspidéal Ginearálta an Chabháin; Óspidéal Ginearálta Shligigh; Óspidéal Ginearálta Leitir Cheannainn; Grúpa Óspidéal Alt na nGealbhan i nDoire; Óspidéal Contae Thír Eoghain agus Óspidéal Daisy Hill san Íúr. Tá córas suite insna hóspidéal seo anois a chuireann ar a gcumas eolas a roinnt agus a choimheas a bheidh ina chúnaimh chun cóir leighis agus cúram d'othair ar a bhfuil tinneas duáin a leagan amach agus a bhainistiú.

Thug Síocháin II cabhair airgid chun clár mór taighde ardoideachais trasteorann a mhaoiniú a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mBaile Átha Cliath agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i mBéal Feirste.

Fuair an tógra seo maoiniú €3 milliúin ó SHÍOCHÁIN agus críochnaíodh i 2006 é. Bhí cúig cinn de thionscnaimh ag baint leis an tógra agus bhíodar na hinstiúidí seo a leanas rannpháirteach ann: Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Cheannainn, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Uladh, Ollscoil Cathair Bhaile Átha Cliath agus an Royal Victoria Hospital i mBéal Feirste.

Seo iad na tionscnaimh:

1. Teorainneacha a chur ar an léarscáil agus Cosáin a bhreacadh: Slite chun Comhoibrithe Thuaidh-Theas in Oileán Scoilte (Mapping Frontiers, Plotting Pathways: Routes to North-South Co-operation in a Divided Island) (Col. Ollsc. BÁC/Ollsc. na Banr., Béal Feirste).
2. Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta in Éirinn (Equality and Social Inclusion in Ireland) (Ollsc. na Banr., Béal Feirste/Col. Ollsc. BÁC/Ollsc. Uladh).

3. Tógra Taighde ar ríomh-chomhairleoireacht (E-consultation research project) (Ollsc. na Banr., Béal Feirste/Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad/Institiúid Teicneolaíochta Leitir Cheannainn).
4. Seachadadh ó ghlúin go glúin agus Féiniúlacht Eitneach-Náisiúnta i gCeantar na Teorann (and Ethno-National Identity In the Border Area (Col. Ollsc. BÁC/Ollsc. na Banr., Béal Feirste); agus
5. Ionad Taighde Fíorúla do Bhraiteoirí Teicneolaíochta an Phoirt Chúraim in Éirinn (Virtual Research Centre for Point-of-Care Technology Sensors Ireland) (Ollscoil Cathair Bhaile Átha Cliath/Ollsc. Uladh/Royal Victoria Hospital i mBéal Feirste).

Ar na réimsí gur deineadh staidéar orthu áiríodh polaitíocht, eolaíocht shóisialta, siceolaíocht, ríomh-theicneolaíocht, bith-innealtóireacht, taighde braiteora agus eolaíocht leighis.

De thoradh ar an gclár taighde seo spreagadh a lán nasc idir instiúidí ardoideachais, scoileanna, eaglaisí, eagraíochtaí trasteorann, grúpaí pobail, grúpaí sainleasa agus daoine aonair, agus ba rud é seo as a dtánaig mórán foilseachán, ceardlanna, seimineár, comhdhálacha agus suíomhanna gréasáin.

San eagrán 'trasteorann' den iris Business Eye thug san Foras um Chláir Speisialta an AE maoiniú i gcomhair díospóireacht chomhstádais le ceannairí gnó faoi rannchuidiú an AE i leith forbairt eacnamaíochta. Bhí Jamie Delargy ó UTV i gceannas ar na díospóireachtaí.

Tá toradh ón ngorlann oisrí nua nuálaíoch á bhaint ag feirmeoirí oisrí ar dhá thaobh na teorann. Maoiníodh an áis nua i bpáirt ag an gClár INTERREG IIIA le hinfheistiú £292,000.

Tá Bob Coubrey ó Mourne Shellfish Ltd. i gCill Chaoi Ltd. ar cheann de na gnóthais atá i mbun na gorlainne nua. Tá Cloughmore Shellfish as Dún Dealgáin i gCo. Lú ina chomhpháirtí do Mourne Shellfish sa tógra seo.

Ba iad an t-Ionad um Acmhainní Mara ó Ollscoil na Banríona agus an Tionscnamh Trasteorann um Dobharshaothrú a thug faoin taighde mhara a bhí ag gabháil leis an tógra. Tá an t-Ionad um Acmhainní Mara suite i bPort a Phéire agus is i nDún Dealgáin atá an Tionscnamh Trasteorann bunaithe.

Meastar go dtáirgeofar deich milliún síol iasc sliogáin san áis nua. Tá sé i gceist go soláthrófar leathchuid de na síolta chuig feirmeacha iasc sliogáin i Loch Cairlinn, agus tá seans go dtabharfar síolta d'fheirmeoirí i nDún na nGall agus in áiteanna eile in Éirinn, chomh maith.

Is é déanamh na gorlainne an chéad chuspóir de chuspóirí an tógra thrasteorann. Tá sé dírithe ar shaothrú oisrí i Loch Cairlinn a fhorbairt agus a mhéadú ar bhonn tráchtála. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú 50% ar tháirgeadh oisrí san dá chuideachta chomhpháirtíochta de thoradh na gorlainne.

[Bob Coubrey ó Mourne Shellfish Ltd. ag tabhairt cúnaimh chun gorlann oisre nua a dhéanamh.](#)





Tionscnaimh Chomhphobail Eile

Bord Réigiúnach Comhpháirtíochta

I gcaitheamh 2006 bhí cruinniú ag an mBord Réigiúnach Comhpháirtíochta agus thángthas ar an tuairim go raibh a chuid téarmaí tagartha comhlionta aige. I bhfianaise an athchóirithe atá déanta ar an Riarachán Poiblí beartaíodh gur chóir gan a thuilleadh cruinnithe a shocrú. Tá a chuid feidhmeanna á athbhreithniú ag an mBord faoi láthair i bhfianaise an athchóirithe Riaracháin Poiblí agus i bhfianaise na céime forbartha reatha atá ar na comhpháirtíochtaí um straitéis áitiúil.

LEADER +, UIRBEACH II AGUS EQUAL

I 2006 d'fhreastal an FCSAE ar Choistí Monatóireachta agus chuir sé le forbairt agus le cur i ngníomh na gClár. Thug sé gach cúnamh maidir le hAthbhreithnithe Lár-théarma ar ghnéithe obair thrasteorann na dTionscnaimh Chomhphobail, agus bhí sé i gceannas ar fhorbairt deiseanna oibre trasteorann ó thuaidh & ó dheas agus ghlac páirt sa Ghrúpa Stiúrtha ar Fhorbairt Tuaithe Trasteorann.



Foras Um Chláir Speisialta An Ae
Cuntais
Don Bhliain Dar Críoch 31ú Nollaig 2006

Foras um Chláir Speisialta an AE Réamhrá na gCuntas

Eolas Cúlra

s Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas an Foras um Chláir Speisialta an AE atá á urrú ag an Roinn Airgeadais agus Phearsana i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Airgeadais i bPoblacht na hÉireann. Bunaíodh an Foras ar an 2ú lá de Mhí na Nollag 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann a chuir Comhlachtaí Forfheidhmithe ar bun. Tá sé seo á thacú ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh-Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus ag Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Tá an Foras um Chláir Speisialta an AE freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus is iad na príomhfheidhmeanna atá aige ná Cistí Struchtúracha áirithe an AE, SÍOCHÁIN, INTERREG AGUS Tionscnaimh Chomhphobail eile a riar chun tacaíocht a thabhairt do réimse Clár forbartha agus athnuachana i dTuaisceart agus i nDeisceart na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir:

- Socruithe airgeadais pháirt 7 d'Aguisín 2 de Chomhaontú na Breataine-na hÉireann ag bunú Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Teorach ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ón Roinn Airgeadais faoi mar a foráladh i Meabhrán Airgeadais an Fhorais, agus
- Teorach do na Tuarascálacha Bliantúla agus Cuntais a thug an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais.

Forbhreathnú ar ghnó

Tá forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil.

Torthaí na Bliana

Tá cur síos mion déanta ar thorthaí an Fhorais um Chláir Speisialta an AE ar leathanach 40. Ba é €2,515 (£1,717) barrachas don bhliain – 2005: €3,574 (£2,445).

Sócmhainní Seasta

Tá cur síos déanta ar shonraí gluaiseachtaí na sócmhainní seasta i nóta 9 leis na cuntais. Bhain an caiteachas ba mhó ar shócmhainní seasta i rith na bliana le feabhas a chur ar Theicneolaíocht an Eolais agus ar rialuithe na heagraíochta.

Taighde agus Forbairt

Ní raibh aon chaiteachas suntasach ann maidir leis an réimse seo.

Imeachtaí Tábhachtacha a tharlaigh i ndiaidh Dheireadh na Bliana

Níor tharlaigh aon imeachtaí tábhachtacha a imríonn tionchar ar na cuntais seo.

Bronntanais Carthanacha

Níor thug an Foras um Chláir Speisialta an AE aon bhronntanais charthanacha i rith na bliana airgeadais.

Baill an Bhoird

Deineann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna an Fhorais. Ní raibh aon bhaill bhoird ann i rith na bliana airgeadais.

Níl an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i seilbh aon stiúrthóireachta ná aon leasa suntasacha eile a bheadh ar neamhréir lena chuid dualgaisí bainistíochta.

Íocaíocht do Sholáthraithe

Geallann an Foras um Chláir Speisialta an AE billí earraí agus seirbhísí a fuarthas a íoc go pras de réir Acht an RA um Íocaíocht Dhéanach Fiacha Tráchtála (Ús) 1998 agus de réir an Achta Éireannach um Phras-Íocaíocht, 1997. Muna bhfuil a mhalairt ráite sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 nó de 45 lá (de réir mar is cuí) tar éis na hearraí nó na seirbhísí a fháil, nó nuair a faightear sonrasc dlísteanach nó éileamh atá cosúil leis, pé acu is déanaí.

Tá riail um phrasíocaíocht 30 lá i bhfeidhm ag an bhForas ina chuid oifigí go léir, is cuma cén limistéar údaráis as a dtáinig an bille. De réir athbhreithnithe rialta a cuireadh i gcrích chun a thomhas cad é chomh pras agus a íocann an Foras um Chláir Speisialta an AE a chuid billí, íoctar 98.17% (2005 – 95.66%) laistigh den chaighdeán seo.

Chomh maith leis sin, deineann an Foras íocaíochtaí faoin Scéim um Fhordheontas Ráta Úis de chuid an Bhainc Infheistíochta Eorpaigh, dá bhfuil riail phrasíocaíochta 15 lá á hoibriú. Comhalladh an riail seo i dtaobh gach aon íocaíocht a deineadh i rith na bliana 2006. Tá glactha ag an bhForas le Téarmaí agus Coinníollacha ó Ranna Freagracha i gcomhair Íocaíochtaí Deontais i dtreo is gur féidir leis íocaíochtaí a dhéanamh do scéimeanna tríd an Láraonad Íocaíochta. Dá thoradh sin ní mór don bhForas íocaíochtaí do scéimeanna a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó éileamh dlísteanach a fháil. Tá sé seo bainte amach againn maidir le 98.00% (2004 – 95.68%) de hiocaíochtaí a deineadh i rith na bliana. Tá an anailís seo a leanas déanta orthu:

	Líon Sonrasc	Déanach	% In Am
SÍOCHÁIN II	8,984	167	98.14%
INTERREG IIIA	792	32	95.95%
UIRBEACH	203	0	100.00%
Iomlán	9,979	199	98.00%

Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta i scríbhinn curtha le chéile ag an bhForas agus tá sé scaipthe aige ar an bhfoireann ar fad. Tá an polasaí ag teacht leis na riachtanais dlí a chaithear a chomhall i dtaobh sláinte agus sábháilteachta san dá limistéir údaráis, chun gur bhféadfaidh an Foras caighdeán ard sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

Fostaithe Faoi Mhíchumas

Tá beartas maidir le mhíchumas curtha le chéile ag an bhForas.

Geallann an Foras an beartas seo a chur i ngníomh i dtreo is go mbainfeadh sé comhionannas deiseanna amach dá fhoireann, d'iarrthóirí agus d'ábhair fhoirne, agus geallann sé riachtanais an Achta um Mhíchumas 1995 a chomhall.

Is é cuspóir don Fhoras ná:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chruthú ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine faoi mhíchumas;
- An timpeallacht oibre agus cleachtais a iniúchadh chun a áirithiú go mbaintear na baic atá ar bhaill foirne faoi mhíchumas, a mhéid is indéanta, i dtaobh a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol an Fhorais;
- Timpeallacht shlán shábháilte a chur ar fail;
- A áirithiú go gcuirtear scileanna agus cumas baill foirne faoi mhíchumas chun cinn, mar shampla, trí thraenáil agus fhorbairt foirne; agus
- Teacht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán na ndeiseanna earcaíochta agus forbairt ghairme.

Rannpháirtíocht na bhFostaithe

I rith na bliana ar fad, coinníodh na fostaithe ar an eolas faoi gach obair agus faoi phleananna an Fhorais trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla, cúrsaí agus miontheagaisc.



Pat Colgan

Príomhfheidhmeannach

30 Meitheamh 2007

Ráiteas na bhFreagrachtaí

Dualgais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE.

Tá treoir tugtha don Fhoras um Chláir Speisialta an AE ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Airgeadais ráiteas na gcuntas do gach bliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig a ullmhú sa chruth agus ar an mbonn a shonraítear i dtreoir na gcuntas san aguisín atá leis na gcuntais seo.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe agus ní mór dóibh léargas fíor cóir a thabhairt ar ghnóthaí an Fhorais mar atá said ag deireadh na bliana, agus ar a chuid ioncain agus caiteachais, gnóthachain agus chaillteanais aitheanta ina n-iomláine, agus ar shreabhadh airgid, don bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige caithfidh an Foras:

- Déanamh de réir treoir na gcuntas atá eisithe ag na Ranna Airgeadas, ar a n-áirítear na riachtanais ábhartha cuntasaióchta agus nochtta, agus caithfidh sé na polasaithe cuntasaióchta a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- A chur in iúl gur úsáideadh cleachtais cuntasaióchta infheidhmithe nó a mhalairt, agus aon neamhrialtachtaí ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin muna bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an Foras de bheith ag feidhmiú.

Dualgais an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Tá dualgais an príomhoifigigh feidhmiúcháin, mar oifigeach cuntasaióchta an Fhorais um Chláir Speisialta an AE, sonraithe i Meabhrán Airgeadais an Fhorais. Ar na freagrachtaí seo áirítear cirte agus ordúlacht an airgeadais phoiblí agus coinneáil cheart na dtaifead.

Foras um Chláir Speisialta an AE

Ráiteas maidir le Rialúchán Inmheánach

Raon Freagrachta

Tá d'fhreagracht ormsa, mar Oifigeach Cuntasaíochta, córas iontaofa rialúcháin inmheánaigh a chothabháil, a thacaíonn le gnóthú beartais, aidhmeanna agus chuspóirí an Chomhlachta, agus ag an am céanna na cistí poiblí agus sócmhainní an Chomhlachta a chosaint, cistí agus sócmhainní a bhfuil an fhreagracht ormsa astu, de réir na bhfreagrachtaí a shanntar dom de réir Nósanna Imeachta Cuntasaíochta de chuid Rialtas Tuaisceart Éireann agus de réir Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Sonraíonn an Meabhrán Airgeadais idir na Ranna Airgeadais agus an Foras um Chláir Speisialta an AE go mionchruinn freagrachtaí an Oifigigh chuntasaíochta, is é sin, an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, i gcreat airgeadais agus gnó agus ní mór don bhForas feidhmiú laistigh de na caighdeáin agus den treoir ar chuntasaíocht agus nósanna imeachta airgeadais mar a shonraítear i lámhleabhar Cuntasaíochta an Rialtais (TÉ).

Cuspóir an Chóras Rialúcháin Inmheánaigh

Ceapadh an córas rialúcháin inmheánaigh chun bainistíocht a dhéanamh chuig leibhéal réasúnach a dhéanamh ar riosca teipe maidir le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a ghnóthú, in ionad fáil réidh go hiomlán leis an riosca sin. Ní féidir leis, mar sin, ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt maidir le héifeachtacht.

Bunaítear an córas rialúcháin inmheánaigh ar phróiseas leanúnach a dearadh chun na príomhrioscaí i dtaobh beartais, aidhmeanna agus chuspóirí an Fhorais a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí sin a mheasúnú agus chun na rioscaí sin a bhainistiú ar shlí éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Bhí an córas rialúcháin inmheánaigh i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 agus suas chuig dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas agus tagann sé le treoir na Roinne Airgeadais agus Pearsanra.

Cumas riosca a láimhsiú

Tá nósanna imeachta cuí curtha i gcrích agam chun a chinntiú go bhfuil cuspóirí agus rioscaí an Fhorais aitheanta againn agus go bhfuil cinní déanta againn i leith straitéis rialúcháin do gach ceann de na rioscaí suntasacha. Mar thoradh air sin, deineadh úinéireacht riosca a shannadh do na baill foirne cuí agus shocraigh an Foras ar an dearcadh a bhí le glacadh aige maidir le bagairt riosca ar ghnóthú a chuid cuspóirí.

Tá cinntithe agam go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a fhiorú go ndeintear athbhreithniú agus tuairisciú ar ghnéithe bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh. Deineadh measúnú iomlán riosca agus rialúcháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006. Tá glactha níos ar shlí níos iomláine le bainistíocht riosca mar chuid den bpróiseas pleanála comparáidí agus déanta cinní an Fhorais. Ní mór don bhfoireann bainistíochta tuairisciú dom go rialta maidir le príomhrioscaí a aithnítear agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a réimse oibre.

Gheibhim tuarascálacha tréimhsiúla maidir le rialú inmheánach. Tá na céimeanna cuí á dtógáil chun rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha freagrachta agus chun feighil a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpríomhthograí.

An Creat Riosca agus Rialúcháin

Tá níos mó oibre déanta, tar éis dúinn príomhchuspóirí agus príomhrioscaí an Fhorais a aithint, chun tuilleadh comhsheasmhachta a chinntiú sa mhodh ina dtéann an Foras i ngleic le rioscaí.

Tá na rudaí seo a leanas déanta ag an bhForas i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2006:

- Dhein sé athbhreithniú rialta ar thaifead na rioscaí atá os comhair na heagraíochta agus thug sé an taifead sin cothrom le dáta;
- Chuir sé córas príomhthascáirí feidhmíochta agus riosca i bhfeidhm;
- D'oibrigh sé Coiste Iniúcháireachta, lena n-áirítear, athbhreithniú ar a chomhaltacht agus a ról de réir an tsarchleachtais;
- D'fhorbair sé clár riosca ar fud na heagraíochta agus chothaigh sé é, agus
- Dhein sé socruithe do thuarascálacha ó Stiúrtóirí an Fhorais faoi ghníomhaíochtaí rialúcháin inmheánaigh.


Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá d'fhreagracht ormsa leis, mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chóras rialúcháin inmheánaigh. Is é a threoraíonn m'athbhreithniú ar éifeachtacht an rialúcháin inmheánaigh ná obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den bhForas atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreat rialúcháin inmheánaigh, chomh maith le tuairimí a thugann na hiniúcháirí seachtracha ina litir bainistíochta agus i dtuarascálacha eile. Tá an Coiste Iniúcháireachta tar éis impleachtaí torthaí m'athbhreithnithe ar éifeachtacht an chóras rialúcháin inmheánaigh a chur in iúl dom agus tá plean ann chun tabhairt faoi laigí agus chun an córas a chur i bhfeabhas go leanúnach.

Tá Comhaontú um Leibhéal Seirbhíse socraithe ag an bhForas le hIniúcháir Inmheánach na Roinne Airgeadais agus Pearsanra a oibríonn de réir na gcaighdeán a shainmhínítear i Lámhleabhar an Rialtais um Iniúchadh Inmheánach. Faightear tuarascálacha rialta, lena n-áirítear tuairim neamhspleách Ceann an Iniúchta Inmheánaigh maidir le leordhóthaineacht agus éifeachtacht an chóras rialúcháin inmheánaigh atá ag an bhForas, i dteannta moltaí i dtaobh fheabhsuithe.

Le linn na bliana 2006 bhí dhá chruinniú ag Coiste Iniúchta an Fhorais agus d'fhéach ar roinnt cúraimí lena n-áirítear na córais rialúcháin inmheánaigh atá i bhfeidhm sa bhForas. Bhí cathaoirleach neamhspleách agus ball neamhspleách eile ina mbaill gníomhacha den gcoiste iniúcháireachta ar fud na bliana 2006 ar fad.

Pat Colgan



Oifigeach Cuntasaíochta

30 Meitheamh 2007

Foras um Chláir Speisialta an AE

TEASTAS NA REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE DO THITHE AN OIREACHTAIS, DO THEACH NA DTEACHTAÍ AGUS DO THIONÓL THUAISCEART ÉIREANN

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 de bhun fhorálacha an Ordaithe Chomhaontaithe Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine – na hÉireann 1999, a cheanglaíonn orainn iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais a chuireann an Foras faoinár mbráid agus iad a dhearbhu, i gcomhar le chéile.

Is é atá sna cuntais ná an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh na cuntais de réir na mbeartas cuntasaióchta atá sonraithe iontu.

Freagrachtaí an Fhorais, an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na nIniúcháirí faoi seach
Sonraítear freagrachtaí an Fhorais agus an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le hullmhú na gcuntas de réir an dlí infheidhme agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais, i Ráiteas na bhFreagrachtaí.

Tá an fhreagracht orainn as iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais de réir riachtanas dlí agus riachtanas rialaithe agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Iniúcháireacht (RA agus Éire).

Cuirimid ár dtuairim in iúl i dtaobh cé acu cuntas a bheith ag tabhairt léargais fhíor chothroim agus iad a bheith ullmhaithe go cuí, de réir na treorach cuntasaióchta a eisíodh faoin reachtaíocht a ghabhann léi, nó a mhalairt. Léirimid ár dtuairim, leis, i dtaobh cé acu, an t-ioncam agus an caiteachas a bheith arna n-úsáid i ngach slí ábhartha, chun na gcríocha a bhí beartaithe ag Parlaimint Westminster agus ag Dáil Éireann agus na hidirbhearta airgeadais a bheith ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó a mhalairt; agus maidir le taifid chuí chuntasaióchta a bheith arna gcoinneáil ag an bhForas, nó a mhalairt. Ina theannta sin, luaimid go bhfuil gach eolas agus gach míniú faighte againn chun críocha an iniúchta, nó a mhalairt, agus go bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaióchta, nó a mhalairt.

Déanaimid athbhreithniú d'fhéachaint an léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach go gcomhallann an Foras treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscimid ar aon chás ábhartha nach ndéineann an Foras amhlaidh nó más rud é go bhfuil an ráiteas mithreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas againn de thoradh ar an iniúchadh atá déanta againn ar na cuntais. Níl de cheangal orainn a bhreithniú an gcuimsíonn Ráiteas faoi Rialú Inmheánach gach riosca airgeadais agus gach rialú agus níl sé de cheangal orainn tuairim a dhéanamh faoi éifeachtacht na nósanna imeachta um bhainistiú riosca ach chomh beag.

Léimid eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breathnaímid air d'fhéachaint an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagaimid ar an eolas faoi aon mhiráiteas dealraitheach nó neamhréireacht ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

Cuirimid in iúl gan ár dtuairim a léiriú, nach gcomhallann an bonn cuntasaióchta do chostais phinsin a bheidh ina muirear ar Státchiste na hÉireann faoi dheoidh, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 17. Nochtar é i mbeartas cuntasaióchta uimh. 1.3.

Bunús na Tuairime faoin Iniúchadh

Chuireamar an t-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) a eisíonn an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta. Deintear scrúdú, mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna, le nochtadh agus le rialtacht idirbhearta airgeadais atá sna cuntais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a dhein an Foras agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin le linn dóibh na cuntais a ullmhú, ar an méid go n-oireann na beartais chuntasaíochta d' imthosca an Fhorais, agus ar an méid gur feidhmíodh agus gur nochtadh na beartais chuntasaíochta sin go seasmhach agus go cuí.


Dheineamar pleanáil le haghaidh a n-iniúchta agus chuireamar i gcrích é chun dóthain fianaise a fháil a thabharfadh cinnteacht réasúnta dúinn go bhfuil na cuntais saor ó mhíríteas ábhartha, pé acu earráid, calaois nó neamhrialtacht eile is cúis leis, agus gur cuireadh caiteachas agus ioncam i bhfeidhm, i ngach slí ábhartha, chun na gcríocha a bhí beartaithe ag Parlaimint Westminster agus Dáil Éireann agus go dtagann na hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis a rialaíonn iad. Agus tuairim á cur le chéile againn, dheineamar measúnú ar leordhóthaineacht foriomlán i dtaobh tiolacadh na faisnéise sna cuntais, leis.

An Tuairim

Is é ár dtuairim:


- Gur ullmháidh na cuntais go cuí de réir na treorach chuntasaíochta a d'eisíodh faoin reachtaíocht atá ag gabháil leis. Tugann siad léiriú fíor agus cothrom, de réir na treorach sin, ar staid ghnóthaí an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2005 agus ar a bharrachas don bhliain dar críoch an data sin.
- Go bhfuil an t-ioncam agus an caiteachas curtha i bhfeidhm, i ngach slí ábhartha, chun na gcríocha a bhí beartaithe ag Parlaimint Westminster agus ag Dáil Éireann agus go dtagann na hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leo chun an t-iniúchadh a dhéanamh. Is í ár dtuairim ur choinnigh an Foras taifid chuí chuntasaíochta. Tagann na cuntais leis na taifid chuntasaíochta.



John Purcell,
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2
Éire

30ú Meitheamh 2007



J M Dowdall CB
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do
Thuaisceart Éireann,
106, University Street,
Béal Feirste,
BT7 IEU

30ú Meitheamh 2007

FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2006

IONCAM	Nótaí	2006	2005	2006	2005
		€	€	£	£
Deontas ó Ranna	2	17,970,610	20,624,326	12,251,575	14,102,297
Ioncam Oibríúcháin Eile	4	20,969	27,299	14,296	18,666
Scaoileadh Deontais Chaipitil	16	178,435	374,622	121,649	256,155
<i><u>LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ</u></i>					
Deontas faighte ó Ranna Freagracha	3	130,991,921	129,768,160	89,304,555	88,731,579
<i><u>COIMISIÚN AN AONTAIS EORPAIGH</u></i>					
Éilimh infhaighte	3	21,928,573	24,431,407	14,949,941	16,705,464
IONCAM IOMLÁN		171,090,508	175,225,814	116,642,016	119,814,161

CAITEACHAS					
Dímheas	9	(178,435)	(374,621)	(121,649)	(256,155)
Costais Foirne	5	(1,504,085)	(1,776,283)	(1,025,419)	(1,214,569)
Costais Oibríúcháin eile	7	(1,251,172)	(1,115,830)	(852,994)	(762,971)
Costais na gClár	8	(16,800,015)	(18,714,545)	(11,453,514)	(12,796,445)
Ús inaisíoctha don Roinn Airgeadais agus Phearsanra	3	(18,454)	(23,720)	(12,581)	(16,219)
<i><u>LÁRAONAD ÍOCAÍOCHTAÍ</u></i>					
Íocaíochtaí le tograí	3	(151,145,975)	(153,154,151)	(103,044,706)	(104,722,219)
Cailteanais (gnóthachain) malairte	3	(189,857)	(63,090)	(129,436)	(43,138)
CAITEACHAS IOMLÁN		(171,087,993)	(175,222,240)	(116,640,299)	(119,811,716)
Barrachas don bhliain a d'aistríodh chuig an gCúlchiste Ginearálta		2,515	3,574	1,717	2,445

Baineann na suimeanna go léir thuas le gníomhaíochtaí atá fós ar siúl.

Níl gnóthachain nó cailteanais aitheanta ag an bhForas seachas torthaí na bliana mar atá sonraithe thuas.

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 43-57.

FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE
CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL 31Ú NOLLAIG 2006

Sócmhainní Seasta	Nótaí	2006	2005	2006	2005
		€	€	£	£
Sócmhainní Inláimhsithe	9	166,917	273,938	112,085	187,730
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	31,552	45,530	21,187	31,202
		198,469	319,468	133,272	218,932
Sócmhainní Reatha					
Feichiúnaithe	10	21,237,100	31,248,743	14,260,744	21,414,827
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	35,531,709	43,807,807	23,859,595	30,021,592
Iomlán na Sócmhainní Reatha		56,768,809	75,056,550	38,120,339	51,436,419
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	12	(56,692,038)	(74,983,653)	(38,068,787)	(51,386,468)
Glan-Shócmhainní Reatha		76,771	72,897	51,552	49,951
Iomlán na Sócmhainní líúde Dlíteanais Reatha		275,240	392,365	184,824	268,883
Creidiúnaithe – méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin	13	-	-	-	-
		275,240	392,365	184,824	268,883
Arna airgeadú ag:					
Caipiteal agus Cúlchistí					
Cúlchiste Ginearálta	15	76,775	72,732	51,555	49,838
Cúlchiste an Deontais Chaipitil	16	198,465	319,633	133,269	219,045
		275,240	392,365	184,824	268,883

Tá na cuntais faofa ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 30ú Meitheamh 2007.



Pat Colgan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 43-57.

FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE
RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31Ú NOLLAIG 2006

	Nótaí	2006 €	2005 €	2006 £	2005 £
Insreabadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17.1	(8,924,872)	3,950,450	(5,989,229)	2,720,876
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais					
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil		(57,053)	(102,441)	(38,896)	(69,882)
Gnóthachan/(caillteanas) malairte ar fháil na sócmhainní seasta		1,356	6,300	(3,023)	(9,401)
Insreabadh glan airgid roimh mhaoiniú		(8,980,569)	3,854,309	(6,031,148)	2,641,593
Airgeadú					
Cistiúchán Caipitil Faighte		57,053	87,241	38,896	59,653
Insreabadh glan airgid ó airgeadú		57,053	87,241	38,896	59,653
Méadú ar chomharduithe airgid tirim/bainc	17.2	(8,923,516)	3,941,550	(5,992,252)	2,701,246

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 43-57.

FORAS UM CHLÁIR SPEISIALTA AN AE NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2006

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe, gan teorainn a chur leis an bhfaisnéis a tugtar, agus tagann siad le ceanglais chuntasaíochta agus nochta an Companies (Northern Ireland) Order 1986, Achtanna Cuideachtaí Phoblacht na hÉireann 1963 go 2005, na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint nó arna nglacadh ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta (ach amháin i dtaobh cuntasaíochta na gcostas pinsin) agus na ceanglais chuntasaíochta agus nochta a d'eisigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, sa mhéid a bhíonn na ceanglais sin cuí.

1.2. Sócmhainní Seasta

Deintear sócmhainní seasta a luacháil ag a gcostas don bhForas. Áirítear bogearra a ceannaíodh ar shócmhainní neamh-inláimhsithe.

Deintear sócmhainní seasta a dhímheas ón mí i ndiaidh na ndátaí a fuarthas iad, ag rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, do gach sócmhainn go cothrom le linn a saolré úsáide measta, nó a tréimhse léasa, más giorra í. Is iad seo a leanas saolréanna úsáideacha measta na bpríomhchatagóirí sócmhainní seasta:

Daingneáin agus Feistithe	7 bliana
Trealamh Ríomhaire	3 bliana
Trealamh Oifige	5 bliana
Sócmhainní ar léas	Pé acu is giorra idir téarma an léasa agus saolré úsáideach measta eacnamaíoch na sócmhainne.
Sócmhainní Neamh-inláimhsithe	3 bliana

1.3. Costais Phinsin

Bhí gach ball foirne a bhí fostaithe ag an bhForas faoi chonradh ag an bhForas i gcaitheamh na bliana.

Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh / Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Phinsin Thuaidh/Theas ar bun le héifeacht ó 29 Aibreán 2005.

Scéim phinsin shochair shainmhínithe is ea í a maoinítear in aghaidh na bliana í ar bhonn íocaíochtaí ó ioncam reatha a thagann ó Státhchiste an RA agus ó Státhchiste na hÉireann.

Tá riarthóir seachtrach i mbun riartha na scéime. Soláthraíonn an Roinn Airgeadais maoiniú ó Státhchiste na hÉireann don bhForas agus maoiníonn an Foras an riarthóir ar a sheal. Tugtar cion Tuaisceart Éireann de na sochair a íoctar i gcaitheamh na bliana díreach don riarthóir ó Státhchiste an RA.

Cuirtear cion Tuaisceart Éireann na gcostas i gcuntas faoi mar gur scéim ranníocaíochtaí sainmhínithe í an scéim, .i. ní aithníonn an Foras ach ranníocaíochtaí an fhostaitheora i dtaobh cion Tuaisceart Éireann na gcostas mar chostas a bhaineann leis an tréimhse. Chomh maith leis sin, aithníonn sé méid comhfhreagrach mar ioncam, méid a léiríonn luach na n-acmhainní a chuirfidh Státhchiste an RA ar fáil don riarthóir maidir leis na costais sin. Maidir leis an gcion de na costais phinsin a bheidh ina mhúirear ar Státhchiste na hÉireann faoi dheoidh, d'ordaigh Ranna Airgeadais an Tuaiscirt agus an Deiscirt nach n-aithneofar aon chostas sna cuntais suas chuig an 31 Nollaig 2006 ach costas pinsean a íocadh a mhéid go mbeidh an costas seo ina mhúirear ar Státhchiste na hÉireann faoi dheoidh.

1.4. Cáin Bhreisluacha

Ní féidir leis an bhForas um Chláir Speisialta an AE CBL a aiséileamh. Dá bhrí sin, tá CBL san áireamh mar chaiteachas agus nuair is cuí, caipitlithe i luach na Sócmhainní Seasta.

1.5 Féichiúnaithe

Ní íocann an Fhorais um Chláir Speisialta an AE as seirbhísí roimh ré, mura n-éilítear é sin go sonrach, agus dá bhrí sin, níl mórán nithe ann atá réamhíoctar.

1.6 Léasanna

Deintear sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais agus conarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú ag a luach féaráilte ar shocrú an léasa agus deintear iad a dhímheas le linn cibé acu is goirra idir tréimhse an léasa agus saolré measta úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní. Deintear na muirir airgeadais a leithdháileadh i rith thréimhse an léasa agus gearrtar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais iad.

Deintear cíosanna a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar théarma an léasa.

1.7 Airgeadra

Deintear idirbhearta an Fhorais in airgeadra de chuid gach ceantair in Éirinn. Cuirtear na Ráitis Airgeadais i láthair sa dá airgeadra, a léiríonn gach ceann acu comhiomlánú na n-idirbheart go léir don bhliain i ngach ceantar in Éirinn agus aistrítear ag na meánrátaí malartaithe iad i rith na bliana. Deintear sócmhainní agus dliteanais a aistriú, ag deireadh na bliana, ag an ráta reatha ag an am sin.

Glactar na héagsúlachtaí malairte go léir san áireamh sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais, seachas na cinn sin a thagann chun cinn maidir leis an Láraonad Íocaíochtaí. Leithdháileadh iad sin ar na Ranna Rialtais agus glactar san áireamh iad laistigh de Chreidiúnaithe (Nóta 12).

1.8 An Láraonad Íocaíochtaí

Cuireann an Foras Láraonad Íocaíochtaí i bhfeidhm, a bunaíodh chun íocaíochtaí a dhéanamh le tógraí a mhaoinítear faoi SÍOCHÁIN II, INTERREG IIIA agus UIRBEACH thar ceann Ranna Cuntasacha Rialtais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tá Comhaontuithe um Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm idir an Foras agus gach Roinn.

Tarraingítear cistí ó na Ranna agus coimeádtar iad i gcuntas bainc a osclaítear go sonrach chun na críche sin. Deintear íocaíochtaí le tógraí ar bhonn dearbhán atá údaraithe go cuí, dearbháin a fhaightear den chuid is mó ó Chomhlachtaí Forfheidhmithe agus Ranna Rialtais.

I dtaobh SÍOCHÁIN II agus UIRBEACH, coinnítear cistí a tarraingítear ó na Ranna i gcreidiúnaithe, agus scaoiltear iad chuig I&C (Ioncam & Caiteachas) de réir caiteachais (íocaíochtaí a deintear le tograí). Fanann cistí nach bhfuil caite i gcreidiúnaithe agus luaitear iad mar ‘Méideanna inaisíochta le Ranna Rialtais’.

Chomh maith leis sin, maidir le hINTERREG IIIA, luaitear íocaíochtaí a deintear le tograí i I&C. Roinntear ioncam chun díol as na hiocaíochtaí sin idir 75% atá ina Éilimh Infhaighte (Coimisiún an AE) agus 25% atá ina cistí comhoiriúnacha ó na Ranna. Luaitear aon chistí a fuarthas ó na Ranna agus nach bhfuil caite i gcreidiúnaithe amhail mar a deintear i gcás SÍOCHÁIN II agus UIRBEACH.

I dtaobh freagrachta i gcistí – bíodh is go bhfuil an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as sláine na gcóras agus as rialúcháin an Aonaid tá na Ranna freagrach as na cistí i gcónaí, cé go mb’fhéidir go n-iarrfaidís ar Oifigeach Cuntasaíochta an Fhorais dul in éineacht lena n-Oifigeach Cuntasaíochta féin chuig aon éisteacht ar bith de chuid an Choiste um Chuntais Phoiblí.

Luann na Comhaontuithe, chomh maith, nach féidir na cistí a úsáid faoi rogha an Fhorais, ach amháin chun íocaíochtaí a dhéanamh le tógraí faoin Roinn Cuntasach, nó Clár, Beart nó Comhlacht Forfheidhmithe cuí.

Comhlíonann an Foras an fheidhm sin mar chuid dá ról mar Údarás Bainistíochta don Chlár SÍOCHÁIN II agus do Thionscnaimh Phobail INTERREG IIIA agus thar ceann na Roinne Forbartha Sóisialta atá ina hÚdarás Bainistíochta do Thionscnaimh an Phobail Uirbigh.

Léirítear na suimeanna atá inaisíochta leis na Ranna Rialtais amhail an 31 Nollaig 2006 laistigh de Chreidiúnaithe (Nóta 12). Léirítear iarmhéideanna mionsonraithe sna hAguisíní leis na cuntais seo. Léirítear an cuntas sa chlár comhardaithe agus sna hAguisíní gaolmhara ar bhonn airgid thirim toisc gurb é sin an modh ábhartha cuntasaíochta don aonad seo. Baintear na hidirbhearta i ndáil leis na Bearta, a bhfeidhmíonn an Foras mar Chomhlacht/Gníomhaireacht Forfheidhmithe ina leith, ó na torthaí sin d’fhonn iad a chur san áireamh sna príomhchuntais ar bhonn fabhráithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara, mar sin, nach dtiocfadh na hiarmhéideanna atá iníoctha ag LAÍ leis an Roinn (ar bhonn airgid thirim) go díreach leis na hiarmhéideanna atá iníoctha ag an bhForas (bonn fabhráithe).

2. DEONTAS Ó NA RANNA

	Roinn Airg. & Pears. €	Roinn Airg. €	Ranna eile i TÉ €	IOMLÁN 2006 €	IOMLÁN 2005 €	IOMLÁN 2006 £	IOMLÁN 2005 £
Deontas Infhaighte:							
Riarachán & Costais	1,588,176	1,167,081	-	2,755,257	2,892,110	1,878,413	1,977,538
Clár um SHÍOCHÁIN & ATHMHUINTEARAS II	6,293,882	4,126,987	4,184,695	14,605,564	17,060,941	9,957,435	11,665,761
Clár INTERREG IIIA	324,369	203,852	-	528,221	327,442	360,118	223,895
Scéim Fhordheontais ráta úis de chuid Banc Infheistíochta na hEorpa	78,043	3,525	-	81,568	343,833	55,609	235,103
Maoiniú Caipitiúil	28,526	28,526	-	57,052	79,570	38,896	54,408
IOMLÁN	8,312,996	5,529,971	4,184,695	18,027,662	20,703,896	12,290,471	14,156,705
Roinnte mar a leanas:							
Deontais curtha chun sochair don gcuntas ioncaim & caiteachais	8,284,470	5,501,445	4,184,695	17,970,610	20,624,326	12,251,575	14,102,297
Deontais curtha chun sochair do Chúlchiste na nDeontas Caipitiúil	28,526	28,526	-	57,052	79,570	38,896	54,408
IOMLÁN	8,312,996	5,529,971	4,184,695	18,027,662	20,703,896	12,290,471	14,156,705

Go ginearálta, deintear ranniocaíochtaí i leith chostais na gClár mar seo:

	Roinn Airg. & Pears.	Roinn Airg.
SÍOCHÁIN II	80%	20%
INTERREG IIIA	60%	40%

ach maoinítear costais áirithe go cothrom ag an dá Roinn.

3. ANAILÍS OIBRIÚCHÁIN

Maidir leis na réimsí gníomhaíochta is féidir anailís a dhéanamh ar thorthaí na bliana mar a leanas:

	SÍOCHÁIN II	INTERREG IIIA	Scéim heontas Ráta Úis -Banc Infheist. na hÉorp.	Láraonad Íocaíochtaí	Riarachán	IOMLÁN
Ioncam	€	€	€	€	€	€
Deontas Infhaighte	14,605,564	528,221	81,568	-	2,755,257	17,970,610
Deontais ó Ranna Freagracha	-	-	-	130,991,921	-	130,991,921
Ioncam Oibriúcháin eile	-	-	-	-	20,969	20,969
Scaoileadh deontais chaipitiúil	-	-	-	-	178,435	178,435
Éilimh Infhaighte ón AE	-	1,584,663	-	20,343,910	-	21,928,573
	14,605,564	2,112,884	81,568	151,335,831	2,954,661	171,090,508
Caiteachas						
Dimheas	-	-	-	-	(178,435)	(178,435)
Costais Fhoirne	-	-	-	-	(1,504,085)	(1,504,085)
Costais Oibriúcháin eile	-	-	-	-	(1,251,172)	(1,251,172)
Costais na gClár	(14,605,563)	(2,112,884)	(81,568)	-	-	(16,800,015)
Ús inaisíochta leis an Roinn Airg. & Peas.	-	-	-	-	(18,454)	(18,454)
Íocaíochtaí déanta le tógraí	-	-	-	(151,145,975)	-	(151,145,975)
Caillteanais/ (Gnóthachain) mhalairte	-	-	-	(189,857)	-	(189,857)
Barrachas/ (Easnamh)	(14,605,563) 1	(2,112,884) -	(81,568) -	(151,335,832) (1)	(2,952,146) 2,515	(171,087,993) 2,515

	SÍOCHÁIN II	INTERREG IIIA	Scéim heontas Ráta Úis -Banc Infheist. na hÉorp.	Láraonad Íocaíochtaí	Riarachán	IOMLÁN
Ioncam	£	£	£	€	£	£
Deontas infhaighte	9,957,435	360,118	55,609	-	1,878,413	12,251,575
Deontais ó Ranna Freagracha	-	-	-	89,304,555	-	89,304,555
Ioncam Oibriúcháin eile	-	-	-	-	14,296	14,296
Scaoileadh Deontais Chaipitiúil	-	-	-	-	121,649	121,649
Éilimh infhaighte ón AE	-	1,080,354	-	13,869,587	-	14,949,941
	9,957,435	1,440,472	55,609	103,174,142	2,014,358	116,642,016
Caiteachas						
Dimheas	-	-	-	-	(121,649)	(121,649)
Costais Fhoirne	-	-	-	-	(1,025,419)	(1,025,419)
Costais Oibriúcháin eile	-	-	-	-	(852,994)	(852,994)
Costais na gClár	(9,957,433)	(1,440,472)	(55,609)	-	-	(11,453,514)
Ús inaisíochta leis an Roinn Airg. & Peas.	-	-	-	-	(12,581)	(12,581)
Íocaíochtaí déanta le tógraí	-	-	-	(103,044,706)	-	(103,044,706)
Caillteanais/ (Gnóthachain) mhalairte	-	-	-	(129,436)	-	(129,436)
Barrachas/ (Easnamh)	(9,957,433) 2	(1,440,472) -	(55,609) -	(103,174,142) -	(2,012,643) 1,715	(116,640,299) 1,717

4. IONCAM OIBRIÚCHÁIN EILE

	2006	2005	2006	2005
	€	€	£	£
Ús infhaighte	20,969	27,299	14,296	18,666

5. COSTAIS FHOIRNE

(a) Ba é líon meánach na bhfostaithe in aghaidh na seachtaine (coibhéis lánaimseartha):

	2006	2005
Bainistíocht Shinsearach	3	5
Seachadadh Clár (buan)	18	19
Seachadadh Clár (gníomhaireacht)	1	1
Riarachán (buan)	20	17
Riarachán (gníomhaireacht)	3	3
IOMLÁN	45	45

Is é a áirítear ar riarachán ná Airgeadas, Acmhainní Daonna, an Láraonad Iocaíochtaí, Cumarsáid agus riarachán ginearálta.

(b) Costais a tabhaidh i dtaobh na bhfostaithe sin:

	2006	2005	2006	2005
	€	€	£	£
Pá & Tuarastal	1,629,156	1,545,452	1,110,687	1,056,734
Costais Shlándála Sóisialta:				
- Costais na bliana reatha	121,598	128,281	82,900	87,715
- Aisioc ó NIC	-	(59,135)	-	(40,435)
Costais eile Phinsin:				
- Oibríthe ar iasacht	-	18,019	-	12,321
- Muirear i ndáil le dlíteanais fhabhráithe aosliúntais (bliain reatha)	110,284	110,400	75,187	75,488
- Muirear i ndáil le dlíteanais fhabhráithe aosliúntais (bliain roimhe seo)	-	276,518	-	189,075
	1,861,038	2,019,535	1,268,774	1,380,898
Arna mhaoiniú trí Chlár SÍOCHÁIN II	(130,017)	(85,589)	(88,640)	(58,523)
Arna mhaoiniú trí INTERREG IIIA	(90,380)	(77,108)	(61,617)	(52,724)
Foireann Ghníomhaireachta	(136,556)	(80,555)	(93,098)	(55,082)
IOMLÁN	1,504,085	1,776,283	1,025,419	1,214,569

Is é a áirítear ar chostais phinsin eile ná ranníocaíochtaí an Tuaiscirt i ndáil le dlíteanais fhabhráithe aosliúntais atá inioctha maidir le foireann an FCSAE chuig an Scéim Phinsin Thuaidh/Theas.

Mionsonraítear an beartas cuntasáíochta maidir le pinsin i Nóta 1.3.

Fuarthas aisioc de Ranníocaíochtaí Árachais Náisiúnta i gcaitheamh na bliana 2005. Tháinig sé seo chun cinn de bharr go raibh éifeacht shiarghabhálach le Scéim Phinsin an Tuaiscirt/an Deiscirt nuair a tugadh isteach i agus de thoradh gur athraíodh rátaí NIC ina dhiaidh sin.

(c) Bhí luach saothair agus teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus na bpríomhbhaill foirne bainistíochta mar seo a leanas:

	Luach saothair £'000	Fíor-mhéadú ar phinsean a tuilleadh £'000	Pinsean fabhráithe £'000	Aois (bliana)	Sochar comhchineáil £'000
Mr P Colgan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	85 - 90	2.5 - 5 (cnapshuim 2.5 - 5 san áireamh)	5 - 10 (cnapshuim 5 - 10 san áireamh)	57	nialas
Mr S Henry (Stiúrthóir na gClár)	45 - 50	15 - 20 (cnapshuim 10 - 15 san áireamh)	25 - 30 (cnapshuim 15 - 20 san áireamh)	42	nialas
Ms G McIntyre (Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha)			<i>Toiliú arna choinneáil siar</i>		

6. FEIDHMÍOCHT I gCOMPARÁID LEIS NA PRÍOMHSPRIOCANNA AIRGEADAIS

D'éirigh leis an FCSAE feidhmiú laistigh dá leathdháileadh buiséid don bhliain.

D'éirigh leis an FCSAE na spriocanna caiteachais go dtí an 31 Nollaig 2006 a bhaint amach faoin gClár SÍOCHÁIN II agus faoin dTionscnamh Pobail INTERREG IIIA.

7. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE

	2006 €	2005 €	2006 £	2005 £
Taisteal agus Cothú	56,664	74,960	38,631	51,255
Teileachumarsáid	66,863	86,488	45,584	59,138
TF & ábhar inchaite oifige	41,455	41,062	28,262	28,077
Stáiseanáireacht agus priontáil	2,866	42,772	1,954	29,246
Postas	18,622	30,531	12,696	20,876
Deisiúcháin agus Cothabháil	40,556	47,838	27,649	32,710
Caiteachas ar Áitreabh Oifige	386,628	339,310	263,586	232,010
Comhairleoireacht	281,620	185,837	191,996	127,070
Foireann Shealadach Gníomhaireachta	136,556	80,555	93,098	55,082
Traenáil & Comhdhálacha	39,916	23,961	27,213	16,384
Sintiúis	4,211	5,666	2,871	3,874
Poiblíocht & Fógraíocht	34,256	82,366	23,354	56,320
Costais Theagmhasacha	23,014	17,917	15,690	12,251
Aíocht	5,836	2,560	3,979	1,750
Ús ar an Léas Airgeadais	-	1,207	-	825
Gnóthachain agus Caillteanas Malairte	5,674	(35,709)	3,868	(24,417)
Táillí Iniúchta - Seachtrach	39,835	32,928	27,158	22,515
- Inmheánach	36,517	27,839	24,896	19,036
Comhchaibidil	24,163	-	16,473	-
Bord na Comhpháirtíochta Réigiúnaí	5,920	27,742	4,036	18,969
IOMLÁN	1,251,172	1,115,830	852,994	762,971

8. COSTAIS NA GCLÁR

	2006 €	2005 €	2006 £	2005 £
SÍOCHÁIN II THUAIDH	10,478,576	11,983,776	7,143,834	8,194,147
SÍOCHÁIN II THEAS	4,126,987	5,077,166	2,813,599	3,471,614
INTERREG III THUAIDH	1,297,477	863,925	884,563	590,726
INTERREG III THEAS	815,407	445,845	555,909	304,855
Scéim Fhóirdheontas Úis – Banc Infheist. na hEorpa	81,568	343,833	55,609	235,103
IOMLÁN	16,800,015	18,714,545	11,453,514	12,796,445

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA

(a) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Feabhsúcháin Léasachta €	Trealamh Oifige €	Trealamh Riomhaire €	Daingneáin & Feistis €	IOMLÁN €
Costas nó Luacháil					
Ar an 31 Nollaig 2005	1,023,962	95,096	411,349	159,163	1,689,570
Breiseanna	-	-	37,764	5,868	43,632
Ar an 31 Nollaig 2006	1,023,962	95,096	449,113	165,031	1,733,202
Dímheas					
Ar an 31 Nollaig 2005	905,453	84,502	327,692	97,985	1,415,632
Ar leataobh don bhliain	73,883	7,773	46,467	22,530	150,653
Ar an 31 Nollaig 2006	979,336	92,275	374,159	120,515	1,566,285
Luach Glan de réir na leabhar					
31 Noll. 2006	€ 44,626	2,821	74,954	44,516	166,917
	£ 29,967	1,894	50,332	29,892	112,085
Luach Glan de réir na Leabhar					
31 Noll. 2005	€ 118,509	10,594	83,657	61,178	273,938
	£ 81,214	7,260	57,331	41,925	187,730

(i) Ní raibh aon shócmhainní i seilbh faoi léasanna airgeadais agus faoi chonarthaí fruilcheannaigh.

(ii) I gcaitheamh na bliana cuireadh síneadh le léas oifig na hÓmaí go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2010. De réir FRS 15 luachlaghdófar an glanluach tosaigh na leabhar atá ar fheabhsuithe na léasachta don oifig seo amhail an 31 Eanáir 2006 thar fuíollach saolré na léasachta.

Meastar go bhfágfaidh an Foras a chuid oifigí atá aige faoi láthair i mBéal Feirste i mí na Márta 2008. Dá bhri sin luachlaghdófar an glanluach tosaigh na leabhar atá ar fheabhsuithe na léasachta don oifig seo thar thréimhse 15 mhí go dtí 31 Márta 2008.

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA

(b) Sócmhainní seasta neamhinláimhsithe

	Bog-earra	
	€	
Costas nó Luacháil		
Ar an 31 Nollaig 2005	277,389	
Breiseanna	13,804	
Diúscairtí	-	
Ar an 31 Nollaig 2006	291,193	
Dímheas		
Ar an 31 Nollaig 2005	231,859	
Ar leataobh don bhliain	27,782	
Diúscairtí	-	
Ar an 31 Nollaig 2006	259,641	
Luach Glan na Leabhar		
31 Noll. 06	€	31,552
	£	21,187
Luach Glan na Leabhar		
31 Noll. 05	€	45,530
	£	£31,202

10. FEICHIÚNAITHE (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)

	Nóta	2006 €	2005 €	2006 £	2005 £
Réamhíocaochtaí agus ioncam fabhráithe		211,549	225,899	142,055	154,800
Cúnamh teicniúil íoctha roimh ré leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe	(i)	1,146,295	2,957,948	769,739	2,027,089
Deontais le teacht ó na Ranna					
- Ioncam		401,409	384,260	269,547	263,334
- SÍOCHÁIN II		-	2,532,401	-	1,735,460
- INTERREG IIIA	(iii)	6,046,691	6,665,346	4,060,362	4,567,777
- Banc Infheist. na hEorpa	(iv)	6,308	112,204	4,236	76,894
Méideanna le teacht ó Choimisiún an AE	(ii)	13,276,994	18,115,093	8,915,521	12,414,315
Feichiúnaithe eile (Scéim Phinsin san áir.)		147,854	255,592	99,284	175,158
		21,237,100	31,248,743	14,260,744	21,414,827

- (i) Ar aon dul leis na conarthaí a deineadh leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe atá rannpháirteach i seachadadh an Chláir SÍOCHÁIN II agus an Tionscnamh Chomhphobail INTERREG IIIA deineadh iocáiochtaí tosaigh leis na Comhlachtaí seo de réir a gcuid riachtanas. Tá sé seo ag teacht le Rialacháin an AE agus le Cuntasaíocht Rialtais do Thuaisceart Éireann.

Déanfar na méideanna atá íoctha a chomhshó ina gcaiteachas incháilithe iarbhir i gcaitheamh saolré an Chláir.

- (ii) Feidhmíonn an Foras mar Údarás Íoca don Tionscnamh Comhphobail INTERREG IIIA agus tá sé freagrach i gcistí a éileamh ó Choimisiún an AE. Go dtí an 31 Nollaig 2006 tá éilimh déanta don gCoimisiún ar aisíocáiocht chaiteachais incháilithe dar luach iomlán €80,000,042. Den méid iomlán seo bhí €13,276,994 gan ioc ar an 31 Nollaig 2005.

- (iii) Ag feidhmiú dó mar Údarás Íoca do INTERREG IIIA fuair an Foras réamhíocáiocht 7% den gClár ó Choimisiún an AE - €9,408,770.

I dtreo go ndéintear éascaíocht do na riachtanais atá ag gabháil le Cuntasaíocht Rialtais Tuaisceart Éireann d'aistriodh 60% den méid tosaigh a fuarthas i dtéannta an úis a ghnóthaigh sé go Ciste Comhdhlúite.

Tarraingeoidh an Foras na cistí seo de réir mar a bhíonn gá leo. Faoin 31 Nollaig 2006 bhí €5,734,657 – (£3,850,931) tarraingthe anuas san iomlán. Tá sé seo san áireamh san iarmhéid de €6,046,691 – (£4,060,362). Baineann fuiollach an iarmhéid seo le cistí atá le teacht ón Roinn Airgeadais maidir leis an gClár INTERREG IIIA.

- (iv) De réir socraithe a comhaontaíodh ag na Rialtais agus Coimisiún na hEorpa d'aistríodh cistí faoi chomhair dliteanas faoin bhfordheontas Ráta Úis de chuid BIE (fo-chlár 5 Síocháin I) chuig an bhForas agus coinníodh i gcuntais bhainc tiomnaithe iad sarar dúnadh an clár ar an 31ú Nollaig 2001. Íocfar méideanna a d'aistríodh chuig an bhForas le tríú páirtithe thar ceann na Rialtais i dtaobh comhaontuithe a deineadh roimh an 31 Nollaig 2001, é sin, nó aisíocfar iad le Coimisiún na hEorpa/na Rialtais mar chistí AE nár caitheadh agus mar chistí comhfhreagracha an Stáitchiste de réir mar is cuí.

Má tá dliteanas den sórt seo ann agus má tá eolas sách cruinn ar a méid, tá foráil déanta do chaiteachas sna cuntais i dtéannta an ioncain a bhaineann leis. Lasmuigh de sin níor aithníodh aon ioncam sna cuntais.

Tá gá le tuilleadh cistí ó na Ranna faoin 31 Nollaig 2006 faoi chomhair dliteanas a bhaineann leis an tréimhse sin. Dá thoradh sin taispeántar an t-iarmhéid i bhFéichiúnaithe thuas.

